COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– POBLACHT NA MOLDÓIVE –

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

AD 51/26

LIMITE

CONF-MD 12

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Cnuasach 6: An caidreamh seachtrach |

**<u>CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS</u>**

**Poblacht na Moldóive**

**<u>COMHSHEASAMH ÓN AONTAS</u>**

**(tar éis Sheasamh Caibidlíochta Phoblacht na Moldóive AD 39/26 CONF-MD 10)**

---

**Cnuasach Caibidlíochta: 6**

**An caidreamh seachtrach**

**Lena n-áirítear caibidlí 30 – An caidreamh seachtrach, 31 – An beartas eachtrach, slándála agus cosanta**

---

PUBLIC

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Moldóiv (AD 11/24 CONF-MD 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh an Mholdóiv nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus maidir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí 5, 12, 42, 49, 50, 51 agus 52 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Mholdóiv, ina seasamh AD 39/26 CONF-MD 10, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 6 mar atá i bhfeidhm an 8 Iúil 2026 agus go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

PUBLIC

1. **Caibidil 30 – An caidreamh seachtrach**

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais i réimse **an chomhbheartais tráchtála**. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh an Mholdóiv feabhas ar a hacmhainneacht riaracháin chun a áirithiú go dtabharfar a comhaontuithe idirnáisiúnta chun comhréireachta le *acquis* an Aontais agus go gcuirfear reachtaíocht uile an Aontais atá infheidhme go díreach i réimse chomhbheartas tráchtála an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach faoi dháta an aontachais. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive, i gcomhthéacsanna iltaobhacha agus déthaobhacha, a bheith ag teacht leis na seasaimh ón Aontas faoin gcomhbheartas tráchtála faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint den chomhoibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gach athrú a thagann ar an mbeartas trádála sa tréimhse réamhaontachais agus í féin a ailíniú le beartais agus na seasaimh ón Aontas i leith tríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sa chaibidlíocht go léir san Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil sé de fhreagracht ar an Moldóiv a áirithiú go mbeidh a **comhaontuithe idirnáisiúnta** uile, agus go háirithe gach comhaontú a bhaineann le trádáil nó gach conradh déthaobhach infheistíochta idir an Mholdóiv agus tríú tíortha, i gcomhréir leis an *acquis* tráth an aontachais. Meabhraítear don Aontas go mbeidh sé de cheangal ar an Moldóiv deireadh a chur le gach comhaontú déthaobhach atá ann cheana idir an Mholdóiv agus tríú tíortha, agus le gach comhaontú idirnáisiúnta eile arna thabhairt i gcrích ag an Moldóiv nach bhfuil ag teacht leis na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas agus go háirithe inniúlacht eisiach an Aontais maidir leis an gComhbheartas Tráchtála. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar iarrachtaí na Moldóive i ndáil leis an méid sin.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh an Mholdóiv a comhaontuithe saorthrádála uile a cháineadh ina n-iomláine faoi dháta an aontachais agus a áirithiú go ndéanfar gach comhaontú maidir le trádáil, infheistíocht agus comhar eacnamaíoch agus gach comhaontú ábhartha eile a thabhairt i gcomhréir leis an *acquis*. Iarrtar ar an Moldóiv an tAontas a choinneáil ar an eolas maidir le hábhar aon chaibidlíochta le tríú tíortha ar an mbonn sin agus dlúthchomhordú a dhéanamh ar aon chaibidlíocht mar sin leis an gCoimisiún. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go n-áiritheodh an Mholdóiv gur cheart foráil a áireamh in aon chomhaontú nua a bhaineann le trádáil a d'fhéadfadh an Mholdóiv a thabhairt i gcrích le tríú tír idir seo agus dáta an aontachais lena gcuirfear ar chumas na Moldóive deireadh a chur leis an gcomhaontú, roimh an aontachas, gan aon ghá le cúiteamh de chineál ar bith ón Aontas. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Mholdóiv comhtharaif chustaim an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le gach táirge agus léirscaoileadh trádála de chuid an Aontais i seirbhísí, ó lá an aontachais ar aghaidh.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le **rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide**. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh an Mholdóiv feabhas ar a hacmhainneacht riaracháin agus ar a hullmhú foirne chun rialacha an Aontais sa réimse sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach tráth an aontachais. Leagann an tAontas béim freisin a thábhachtaí atá sé go leanfadh an Mholdóiv de Liosta Náisiúnta Rialaithe na n-earraí dé-úsáide a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhréir leis an liosta is déanaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 arna leasú. Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Moldóiv chun páirt a ghlacadh i g**Comhshocraíocht Wassenaar**, lena bhféadfar ullmhúcháin a éascú chun an *acquis* a chur chun feidhme maidir le hearraí dé-úsáide, agus iarrann sé ar an Moldóiv a haontachas a thabhairt chun críche gan mhoill. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin a haontachas luath le Grúpa na Soláthraithe Núicléacha agus le Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán a áirithiú. Ina theannta sin, iarrtar ar an Moldóiv féachaint an bhféadfaí taobhú le Grúpa na hAstráile, mar chéim dhearfach i dtreo ailíniú le *acquis* an Aontais agus i dtreo ballraíocht sa Ghrúpa sin.

Ní mór don Mholdóiv freisin rialacha an Aontais maidir le tacaíocht oifigiúil do chreidmheas onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach bhearta cosanta trádála an Aontais a áirithiú tráth an aontachais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil aon reachtaíocht náisiúnta ann lena rialaítear an **scagadh a dhéantar ar infheistíochtaí díreacha coigríche** sa Mholdóiv agus is díol sásaimh dó a thiomanta atá an Mholdóiv leanúint dá reachtaíocht a ailíniú le rialacha an Aontais sa réimse sin faoi dheireadh 2025. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Mholdóiv ailíniú le forálacha Rialachán (AE) 2019/452 maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh lena n-áirítear forálacha an Rialacháin athbhreithnithe, a luaithe a ghlacfar é.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach páirtí i b**Próiseas Kimberley** i réimse na n-**ionstraimí beartais eachtraigh** í an Mholdóiv. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh an Mholdóiv ina páirtí go huathoibríoch i bPróiseas Kimberley ó dháta an aontachais leis an Aontas. Dá bhrí sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint dá hullmhúcháin, lena n-áirítear ailíniú reachtach, chun a áirithiú, ó dháta an aontachais, go gcuirfear na rialacha lena rialaítear Próiseas Kimberley i bhfeidhm. Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Mholdóiv ailínithe le *acquis* an Aontais maidir leis an bh**frithchéastóireacht**. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh an Mholdóiv ailínithe go hiomlán leis na forálacha i Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bhfrithchéastóireacht, agus meabhraítear dó nach mór forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha a áirithiú tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv tiomanta do bheartas agus do phrionsabail an Aontais lena dtreoraítear a comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i réimse **an bheartais gníomhaíochta seachtraí**. Molann an tAontas don Mholdóiv creat dlíthiúil a bhunú lena gcumhdófar an comhar idirnáisiúnta agus an beartas forbartha i gcomhréir le beartais agus prionsabail an Aontais, lena n-áirítear acmhainneachtaí riaracháin a neartú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv tiomanta do bheartas agus do phrionsabail an Aontais lena dtreoraítear soláthar na cabhrach daonnúla i réimse **an bheartais maidir le cabhair dhaonnúil**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv creat dlíthiúil a bhunú lena gcumhdófar an beartas maidir le cabhair dhaonnúil do thríú tíortha i gcomhréir le beartais agus prionsabail an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire, a mhéid a bhaineann le **comhrac an éillithe sa chaidreamh seachtrach**, go bhfuil creat dlíthiúil i bhfeidhm ag an Moldóiv chun an t-éilliú a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe trí na bearta in aghaidh an éillithe a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go leanúnach, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus múscailt feasachta.

## 2. Caibidil 31 – An beartas eachtrach, slándála & cosanta

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil beartais eachtracha, slándála agus chosanta na Moldóive á dtreorú ag rogha straitéiseach na Moldóive i dtreo ballraíocht san Aontas agus go léirítear an rogha sin iontu.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le h**institiúidí agus próiseas cinnteoireachta**, go bhfuil an Mholdóiv ar an mbóthar ceart chun ullmhú do chur chun feidhme éifeachtúil tráthúil CBES an Aontais. Molann an tAontas don Mholdóiv a hacmhainneacht institiúideach sa réimse sin a uasghrádú.

Leagann an tAontas béim ar an **idirphlé polaitiúil** forleathan idir é agus an Mholdóiv, lena léirítear a fhairsinge agus a fhorleithne atá ár gcomhair leis an Moldóiv i réimsí CBES agus CBSC. Tugann an tAontas dá aire tiomantas daingean na Moldóive a ballraíocht san Aontas a bhogadh ar aghaidh trí bheartas eachtrach atá straitéiseach réamhghníomhach. Tugann an tAontas dá aire an t-idirphlé polaitiúil rialta idir an Mholdóiv agus tríú comhpháirtithe agus an teagmháil atá aici le tríú comhpháirtithe […] chomh maith lena ról gníomhach sa réigiún agus i dtionscnaimh/formáidí réigiúnacha, agus seasaimh á nglacadh aici atá ailínithe le luachanna an Aontais agus le leasanna an bheartais eachtraigh. Tá sé curtha in iúl ag an Moldóiv go dtacaíonn sí go láidir le ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

Maidir leis an g**Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)**, tugann an tAontas dá aire gur bhain an Mholdóiv ráta ailínithe 91 % amach in 2024 le ráitis ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus le Cinntí ón gComhairle maidir le bearta sriantacha. Molann an tAontas go láidir don Mholdóiv céimeanna nithiúla breise a thabhairt i dtreo ailíniú iomlán le ráitis ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus le cinntí ón gComhairle maidir le bearta sriantacha, i gcomhréir le prionsabail na ceannasachta agus iomláine chríochach gach stáit, d'fhonn ailíniú 100 % a bhaint amach faoi dháta an aontachais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **bearta sriantacha**. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Mholdóiv ailíniú iomlán le córais smachtbhannaí uile an Aontais faoi dháta an aontachais. Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí na n-údarás reachtaíocht agus sásraí maidir le cur chun feidhme beart sriantach a ailíniú le *acquis* an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint dá creat lena gcuirtear smachtbhannaí chun feidhme a neartú i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire tiomantas na Moldóive tacú leis na bearta agus na gníomhaíochtaí a chuireann an tAontas chun feidhme agus páirt a ghlacadh iontu d'fhonn **coinbhleachtaí a chosc**, lena n-áirítear trí shásra náisiúnta luathrabhaidh chur ar bun. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a creat reachtach agus teicniúil maidir le coinbhleachtaí a chosc a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais, an bhearna idir luathrabhadh agus luathghníomhaíocht a dhúnadh a thuilleadh, lena n-áiritheofaí go dtreoródh an anailís gníomhaíochtaí chun coinbhleachtaí a chosc ar bhealach comhtháite. A mhéid a bhaineann le **neamhleathadh**, tugann an tAontas dá aire go dtacaíonn an Mholdóiv le cuspóirí an Aontais maidir le dí-armáil, rialú arm agus neamhleathadh agus go bhfuil sí réidh chun an *acquis* gaolmhar a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire gur páirtí stáit í an Mholdóiv sna mór-chomhaontuithe idirnáisiúnta uile maidir le neamhleathadh arm ollscriosta, chomh maith leis an gConradh Trádála Arm. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé ailíniú le seasaimh an Aontais i bhfóraim éagsúla idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus rialú arm, ar tosaíocht thábhachtach de chuid an Aontais é.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ag obair ar dhoiciméad beartais náisiúnta tiomnaithe maidir le **Mionairm agus Armáin Éadroma (MAAÉ)** agus ar struchtúr cur chun feidhme agus molann sé don Mholdóiv leanúint dá hiarrachtaí agus doiciméad beartais náisiúnta a ghlacadh, a luaithe is féidir, agus leas a bhaint as an tacaíocht arna cistiú ag an Aontas atá ar fáil. Molann an tAontas don Mholdóiv doiciméad beartais náisiúnta maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma a ghlacadh, bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach i Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón.

Maidir le **comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ina comhalta gníomhach i mbreis agus 90 eagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear príomhinstitiúidí amhail na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa, agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip. Tugann an tAontas dá aird freisin gur Stát is Páirtí í an Mholdóiv i Reacht na Róimhe, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011. Tugann an tAontas dá aire ailíniú comhsheasmhach na Moldóive le seasaimh an Aontais i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, rud a léiríonn a tiomantas don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint dá hiarrachtaí a hoibleagáidí a chomhlíonadh agus moltaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla a chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire go dearfach rannpháirtíocht réamhghníomhach na Moldóive i bh**fóraim idirnáisiúnta um chearta an duine**, go háirithe ó thaobh na tacaíochta córasaí de a thugann sí do thosaíochtaí agus do ghníomhaíochtaí an Aontais sna Náisiúin Aontaithe, i gComhairle na hEorpa, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, agus ailíníonn sí leis na tosaíochtaí sin. Is díol sásaimh don Aontas tiomantas na Moldóive leanúint dá tosaíochtaí i réimse chearta an duine a ailíniú le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas agus Plean Gníomhaíochta Inscne III.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise idir an tAontas agus an Mholdóiv i bhfeidhm ó bhí 2018 ann. Tugann an tAontas dá aire freisin gur tháinig Socrú Cur Chun Feidhme i bhfeidhm tar éis an Chomhaontaithe maidir le Slándáil Faisnéise ón 26 Eanáir 2021. Tugann an tAontas dá aire gur chuir an Mholdóiv in iúl go bhfuil sí toilteanach ailíniú a thuilleadh le bearta slándála an Aontais agus go bhfuil sí i mbun a hacmhainneachtaí institiúideacha a neartú agus bearta reachtacha, fisiceacha agus teicniúla breise a fhorbairt. Cuireann an tAontas i bhfios go mbeidh ar an Moldóiv í féin a ailíniú leis na rialacha sin go dtí go mbeidh an t-aontachas i bhfoirm go mbeifear in ann malartú leictreonach slán faisnéise rúnaicmithe a áirithiú.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire Straitéis Slándála Náisiúnta agus Straitéis Cosanta Náisiúnta nua na Moldóive lena gcuirtear san áireamh iontu comhthéacs reatha na bagartha agus cineálacha cur chuige coincheapúla ábhartha chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, agus béim níos láidre á leagan ar chur chuige comhtháite uile-rialtais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus iarrachtaí breise a dhéanamh chun iarrachtaí a chomhordú go struchtúrach in údaráis agus réimsí rialtais. Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint dá diongbháilteacht aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar **ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis** (ICIEF), lena n-áirítear bréagaisnéis, agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun athléimneacht shochaíoch a fhorbairt i gcoinne ICIEF agus cineálacha eile bagairtí hibrideacha. I bhfianaise a dhéine atá cur isteach na Rúise, molann an tAontas don Mholdóiv uirlisí a oiriúnú go leanúnach chun cur i gcoinne ICIEF, lena n-áirítear trí Bhosca Uirlisí ICIEF an Aontais a chur chun feidhme agus reachtaíocht atá ailínithe leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a ghlacadh ar deireadh.

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí na Moldóive a hearnáil cosanta a athchóiriú agus a nuachóiriú agus béim bhreise á leagan aici ar í a chomhtháthú in ollstruchtúr slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid sin, **tá acmhainneachtaí cosanta míleata á neartú** ag an Moldóiv tríd an tSaoráid Eorpach Síochána,

Is díol sásaimh don Aontas an comhar méadaithe atá anois ann leis an Moldóiv maidir le cúrsaí **slándála agus cosanta**, lena n-áirítear an Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta (ionstraim neamhcheangailteach) idir an tAontas agus an Mholdóiv a síníodh i mí na Bealtaine 2024, lena mbunaítear ardán le haghaidh idirphlé agus comhar feabhsaithe agus, ar an gcaoi sin, lena neartaítear cumais i réimse na slándála agus na cosanta, a léiríonn an plé agus an comhar méadaitheach idir an dá thaobh.

Tugann an tAontas dá aire rannchuidiú na Moldóive i misin agus oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais faoin g**Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC)**, go háirithe EUFOR Althea sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus EUTM Somalia. Tugann an tAontas dá aire freisin an rannchuidiú a rinne an Mholdóiv roimhe seo le EUTM Mali agus EUTM i bPoblacht na hAfraice Láir.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur spéis leis an Moldóiv páirt a ghlacadh i dtionscadail **bhuanchomhair struchtúrtha** (PESCO). Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint dá hiarrachtaí páirt a ghlacadh i dtionscadail ábhartha PESCO amach anseo. Mar chreat faoi stiúir na mBallstát, déanann rannpháirtithe na dtionscadal faoi seach meastóireacht ar na hiarrataí sin ar dtús.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **éilliú a chomhrac sa bheartas eachtrach, slándála agus cosanta**, go bhfuil creat dlíthiúil i bhfeidhm ag an Moldóiv chun an t-éilliú a chomhrac sna réimsí sin. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint de chomhrac an éillithe trí na bearta in aghaidh an éillithe a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go leanúnach, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus múscailt feasachta agus trí fheabhas a chur ar chomhordú idirinstitiúideach idir comhlachtaí ábhartha frithéillithe.

PUBLIC

* * *

I bhfianaise staid reatha na n-ullmhúchán, tugann an tAontas dá aire nach bhféadfar, ar an tuiscint nach mór don Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh san ailíniú le *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus i gcur chun feidhme an *acquis* sin, iad sin a dhúnadh go sealadach ach amháin nuair a chomhaontóidh an tAontas gur comhlíonadh na tagarmharcanna seo a leanas:

**Caibidil 30 – An caidreamh seachtrach**

- Leanann an Mholdóiv den chreat dlíthiúil a ailíniú leis na forálacha i Rialachán (AE) 2021/821 maidir le rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide, arna leasú, le forálacha Rialachán (AE) 2019/452 maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh, arna leasú, agus ailíníonn sí a creat dlíthiúil leis na forálacha i Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bhfrithchéastóireacht.

- Cuireann an Mholdóiv plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil fardal cuimsitheach dá comhaontuithe idirnáisiúnta d’fhonn na comhaontuithe sin a thabhairt chun comhréireachta leis an *acquis* ó lá an aontachais.

**Caibidil 31 – An beartas eachtrach, slándála & cosanta**

- Ghlac an Mholdóiv doiciméad beartais náisiúnta maidir le Mionairm agus Armáin Éadroma 2025, bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach i Straitéis an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón, ina leagtar amach raon feidhme fhreagrachtaí na n-údarás náisiúnta, na gníomhaíochtaí atá le déanamh agus dul chun cinn nithiúil déanta aici maidir lena chur chun feidhme.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i dtreis go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na Moldóive a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach caibidil faoin gcnuasach seo chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcur chun feidhme agus an forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir caibidlí an chnuasaigh atá faoi chaibidil anseo agus caibidlí caibidlíochta eile. Ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na Moldóive le *acquis* an Aontais ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí sa chaibidlíocht.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 8 Iúil 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC